

Áine Uí Dhubhshláine - Tírdhreach

©Áine Uí Dhubhshláine



Bí ag Smaoineamh / Bí ag plé

*“Má mhaireann an crann seo in ainneoin na n-ainneoin
mairfidh mise agus mairfidh tusa in ainneoin pé deacrachtaí atá againn.”*

(Áine Uí Dhubhshláine)

Céard a fheiceann tú sa phictiúr?

Cén teideal a chuirfeása air?

Céard é do bharúil faoin méid a dúirt an t-ealaíontóir faoi?

Tá an crann seo aosta. Tá go leor rudaí feicthe aige le 100 bliain anuas. Cad iad na himeachtaí stairiúla atá feicthe aige?

Is tusa an Crann. An bhfuil brón ort? An bhfuil uaigneas ort? An bhfuil tú sona sásta?
Conas a mhothaíonn tú?

Bí ag Léamh

Deirtear gur scríobh Aimhirghin Glúingheal dán nuair a leag sé cos ar thalamh na hÉireann den chéad uair sa bhliain 3500. Tugtar *Dán Aimhirghin* air.

Seo leagan simplí de thús an dáin

Is mé an ghaoth ar muir

Is mé an tonn láidir

Is mé glór na farraige ...

(Is féidir leat leaganacha éagsúla den dán a lorg ar an idirlíon)

Bí ag Scríobh

Roghnaigh Tasc Scríbhneoireachta amháin:

1. Samhlaigh gur tusa an crann sa phictiúr.
Scríobh dán nó scéal ag tosú le

*Is mé an crann séidte ...
nó
Seanchrann anois mé ...*

2. Roghnaigh rud éigin eile atá le feiceáil sa phictiúr (cloch nó cnoc nó spéir nó rud ar bith).
Scríobh dán nó scéal ag tosú le

Is mé an ... / Is mise ...

3. Samhlaigh ainmhí nó éan sa phictiúr. Scríobh dán nó scéal ag tosú le

Is mé an ... / Is mise ...

Sampla:

*Is mise an t-éan a raibh nead aige sa chrann seo tráth
Is mise an nead a thit go talamh nuair a tháinig an ghaoth
Is mise an ghaoth a shéid is a shéid arís is arís eile
Is mise an ghaoth a phléasc amach ag gáire
nuair a chonaic mé na huibheacha briste ar an talamh*

4. Tá tú féin agus do chara ag siúl sa cheantar seo. Cén comhrá a bhíonn agaibh?

Do Phictiúr Féin

Gearr amach an pictiúr a rinne Áine Uí Dhubhshláine agus cuir i lár an leathanaigh é.
Greamaigh den leathanach é agus cuir leis. Lean ort le do phictiúr féin thart timpeall air.